# Scéal, Scéal, Scéal...

## Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige





Instagram: @pleanteangachoisfharraige
Twitter: @PleanTeangaCF
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharraige

29 Aibreán 2021

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

### IMREOIRÍ AG IMIRT!

Tá na Cumainn Lúthchleas Gael áitiúla ar ais ar na páirceanna! Le teacht le srianta sláinte poiblí, caithfear traenáil i ngrúpaí beaga don chéad chúpla seachtain agus mar sin tá bearnaí ama idir na seisiúin traenála. Caithfidh na himreoirí clárú do na seisiúin roimh ré. Is féidir coinníollacha a bhaineann leis na cumainn, chomh maith leis na sceideil thraenála a léamh ar na cuntais Facebook: C.L.G An Spidéal agus Micheal Breathnach. Bheadh Cumann Lúthchleas Gael Micheál Breathnach an-bhuíoch dá mbeadh an pobal sásta cúnamh a thabhairt: le maoirsiú ag an ngeata nó ag na stáisiúin díghlaráin lámh: déan teagmháil leis an gcumann. Tá an t-eolas uilig maidir le dea-chleachtas traenála ar fáil ar líne ag www.gaa.ie

### DEALBH MHÁIRTÍN UÍ CHADHAIN

Thug Comhairle Chontae na Gaillimhe cead d'Iontaobhas Uí Chadhain le gairid dealbh den scríbhneoir clúiteach Máirtín Ó Cadhain ón gCnocán Glas a shocrú taobh thoir de shráid bhaile an Spidéil ar an Airdín Buí, trasna ó Shiopa Uí Dhomhnaill. Mhol Cumann Forbartha Chois Fharraige don Iontaobhas an dealbh a choimisiúnú agus bhronn €5,000 le tús a chur le ciste na deilbhe. Ceaptar go gcosnóidh an dealbh chré-umha thart ar €50,000. Tá an tIontaobhas fós ag glacadh le síntiúis agus tá cuntas ar leith oscailte i mbanc AIB sa Spidéal. Is féidir seic nó ordú bainc a dhéanamh amach i bhfabhar Iontaobhas Uí Chadhain agus é a sheoladh ag Rúnaí Iontaobhas Uí Chadhain, Baile Liam, An Spidéal, Co. na Gaillimhe.



### AN GHAELTACHT FAOI BHLÁTH

Beidh **An Ghaeltacht faoi Bhláth** á óstáil ag Oifigeach Pleanála Teanga Tobar Dhuibhne ar an Máirt 4ú Bealtaine @ 7:30i.n. ar *Zoom.* Darach Ó Murchú a bheas i mbun cainte agus crainn dúchasacha a bheas á phlé aige. Roinnfidh Darach a chuid saineolais, nodanna agus dea-chomhairle agus beidh deis ag an lucht éisteachta ceisteanna a chur ar Dharach chomh maith agus plé ginearálta a dhéanamh ar thopaic na hoíche. Beidh duais le buachan ar an oíche chomh maith! Déan teagmháil le optchois fharraige@gmail.com le clárú don ócáid roimh mheánlae ar an Luan 3ú le cinntiú go gcuirfear do spás in áirithe. Feicfidh muid ann sibh!










### CLUB LEABHAR CHOIS FHARRAIGE

Tiocfaidh **Club Leabhar Chois Fharraige** le chéile ar *Zoom* ar an 12 Bealtaine ag a 8 i.n. chun an t-úrscéal "*Thar na Tonnta*" le Beairtle Ó Conaire as an bPáirc sa Spidéal a phlé. Tá an leabhar ar fáil ó shiopa Chló Iar Chonnacht. Le páirt a ghlacadh ann, níl le déanamh ach ríomhphost a chur chuig clubleabharcf @gmail.com agus seolfar nasc chugat ar an lá. Bígí ag léamh agus bígí linn.




### SIN RÁITE

Tá clár raidío nua ag Caoimhe Ní Chathail agus Edel Ní Churraoin as an gCoill Rua. **'Sin Ráite** atá ar an gclár a chraoltar ar an stáisiún Raidío Fáilte atá lonnaithe i mBéal Feirste. Clár seachtainiúil, chuile Mháirt atá ann, áit a mbíonn aíonna éagsúla agus réimse leathan topaicí á bplé acu.





### COMHRÁ: SRAITH NUA

Níl Máirtín Tom Sheáinín imithe ó shaol na meán! Cuirfear tús le sraith nua de **Chomhrá** ar an 29ú Aibreán @ 7:30i.n. Beidh neart siamsaíochta ann idir ceol, filíocht agus amhráin. Cuirfear cúpla ceist ar pholaiteoirí agus ar shagairt: cá bhfios cén rún a scaoilfear?



## LÚTHCHLEASAÍOCHT DO GHASÚIR

Tá ranganna nua lúthchleasaíochta do ghasúir, amuigh faoin aer, á reáchtáil ag Spórtlann Naomh Anna. Cuirfear tús leis na ranganna ar an Máirt 4ú Bealtaine agus an Satharn 8ú Bealtaine. Tá spásanna teoranta le cloí le srianta sóisialta poiblí. Caithfear clárú roimh ré. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag sportlannbooking@gmail.com



## TOGRA: DÍFHIBRILEOIRÍ DON PHOBAL

Tá Club Iománaíochta Bhearna Na bhForbacha, CLG Bhearna, Bearna-Na Forbacha Aontaithe agus Loch Lurgan AC tagtha le chéile le hairgead a bhailiú le dífhibrileoirí a cheannach don phobal. Tá an comhlacht Stryker agus an Cumann Lúthchleas Gael ag tacú leis an togra. Tá na clubanna ag súil go mbeidh siad in ann dhá dhífhibrileoir a bheas ar fáil sna páirceanna i mBearna agus sna Forbacha, a cheannach. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar chuntais FB na n-eagraíochtaí chomh maith le treoracha maidir le síntiús a thabhairt.

## SCÉIM NA GCAMPAÍ SAMHRAIDH

D'fhógair **Muintearas Teo** le gairid go bhfuil Scéim na gCampaí Samhraidh sa nGaeltacht 2021 ceadaithe. Tá bainistiú agus monatóireacht á dhéanamh ag Muintearas ar an scéim ar son Údarás na Gaeltachta agus é urraithe ag An Roinn Meán, Turasóireachta, Ealaíon, Cultúir, Spóirt agus Gaeltachta. Glacfar le hiarratais ón 30ú Aibreán go dtí 28ú Bealtaine. Is féidir teacht ar na cáipéisí a theastóidh le hiarratas a dhéanamh ag www.muintearas.com ón 30ú Aibreán. Is campaí taobh amuigh faoin aer, le huasmhéid de 15 rannpháirtithe i bhfaighneoga atá ceadaithe faoi láthair, de réir srianta sláinte poiblí.

## SCÉIM TRÁDÁLA AR LÍNE

Tá Scéim Trádála ar Líne fógartha ag Údarás na Gaeltachta. Líon na ngnóthaí Gaeltachta a bhíonn ag trádáil ar líne a mhéadú agus leibhéal díolacháin gnóthaí Gaeltachta ar líne a ardú is aidhm don scéim. Íoctar uasmhéid deontais suas le €2,500 nó 50% de chaiteachas incháilithe, gan CBL san áireamh, cibé acu is lú, le gnóthaí incháilithe chun a gcumas trádála 'ar líne' a fhorbairt agus a threisiú. Fiontair ina bhfuil suas le deichniúr fostaithe, lonnaithe sa nGaeltacht, i mbun gnó le 6 mhí anuas ar a laghad gur mian leo suíomh idirlín ríomh thráchtála a fhorbairt nó a uasghrádú atá i dteideal cur isteach ar an scéim.Is féidir an deontas a úsáid le haghaidh sain-chomhairliúchán teicneolaíochta, le láithreán gréasáin a fhorbairt nó a uasghrádú, le bogearraí a bhaineann leis an idirlíon a cheannach agus go leor eile nach iad. Is féidir foirm iarratais a fháil ag www.udaras.ie/gno agus an fhoirm chomhlíonta a sheoladh chuig tradala@udaras.ie le cur isteach ar an scéim.




Údarás na Gaeltachta

## LÁ NÁISIÚNTA FILÍOCHTA

Tháinig Oifigigh Pleanála Teanga na hÉireann le chéile le gairid le ceiliúradh a dhéanamh ar an Lá Náisiúnta Filíochta ar an Déardaoin 29ú Aibreán. Beartaíodh sraith cártaí poist a fhoilsiú, ceann ó chuile cheantar pleanála teanga sa tír. Roghnaíodh píosa filíochta ó fhile as chuile LPT le cur ar chúl na gcartaí. Roghnaíodh *Teacht na Cuaiche* le Máire hOibicín Uí Eidhin as an Spidéal do chárta Chois Fharraige. Tugann focla Mháire ábhar dóchais dúinn agus an samhradh beagnach linn! Is féidir na cártaí a fháil ó shiopaí áitiúla Chois Fharraige agus moltar duit cárta nó dhó a sheoladh chuig cara, comharsa nó duine muinteartha ar fud na Gaeltachta, ar fud na tíre nó áit ar bith ar domhan go deimhin! Is féidir an dán iomlán a léamh ar Facebook: Pleanáil Teanga Chois Fharraige. Lá Náisiúnta Filíochta Sona Daoibh! Bígí ag léamh...agus ag scríobh – bainigí triail as!




## RANGANNA GAEILGE DO THUISMITHEOIRÍ

Tá ranganna Gaeilge do thuismitheoirí á reáchtáil ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga. Beidh na ranganna ag tosú ar an gCéadaoin 12ú Bealtaine @ 7i.n ar *Zoom*. Cúrsa sé seachtaine dírithe ar thosaitheoirí a bheidh ann. Tá spásanna teoranta, mar sin, iarrtar ar rannpháirtithe clárú roimh ré trí theagmháil a dhéanamh le Katie ag optchoisfharraige@gmail.com nó ag 083 010 6294. Díreoidh na ranganna ar úsáid neamhfhoirmeálta na Gaeilge sa saol laethúil agus sa teaghlach agus cruthófar deiseanna do na foghlaimeoirí cleachtadh a dhéanamh ar a gcuid Gaeilge. Ní gá go mbeadh aon taithí i bhfoghlaim na Gaeilge nó ranganna déanta ag na rannphháirtithe roimh ré. Fáilte roimh chách!

